



Uimhir 51 de 2012

AN tACHT UM CHOSAINT SHIBHIALTA, 2012

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.
2. An lá díscailte.
3. An Bord Cosanta Sibhialta a dhíscailleadh.
4. Feidhmeanna a aistriú chuig an Aire.
5. Talamh agus maoin eile a aistriú.
6. Cearta agus dliteanais a aistriú agus léasanna, ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag an gcomhlacht díscailte a bhuanú.
7. Dliteanas i leith caillteanais a tharlóidh roimh an lá díscailte.
8. Forálacha de dhroim feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig an Aire.
9. Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach an chomhlachta dhíscailte.
10. Comhaltaí d'fhoireann an chomhlachta dhíscailte a aistriú.
11. Conarthaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht díscailte a choimeád ar marthain.
12. Pleananna cosanta sibhialta.
13. Tuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil.
14. Deontais a íocfaidh an tAire le húdaráis áitiúla chun críocha cosanta sibhialta.
15. Comhaltaí cosanta sibhialta a earcú.
16. Clár cosanta sibhialta.
17. Aisghairm.

[Uimh. 51.] *An tAcht um Chosaint Shibhialta*, 2012. [2012.]

18. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR		
Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005		
An tAcht um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939	1939, Uimh. 21	
Na hAchtanna um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 agus 1946,		
An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	2001, Uimh. 19	
An tAcht um Chosaint Shibhialta, 2002	2002, Uimh. 16	
An tAcht um Choinbhinsiúin na Ginéive (Leasú), 1998	1998, Uimh. 35	
An tAcht um Choinbhinsiúin na Ginéive, 1962	1962, Uimh. 11	
An tAcht Léiriúcháin, 2005	2005, Uimh. 23	
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37	
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004		
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005		
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20	
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006		
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	2003, Uimh. 29	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	2001, Uimh. 45	
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2011		
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2012		
Na hAchtanna um Dhífhhostú Éagórach, 1977 go 2007.		



Uimhir 51 de 2012

AN tACHT UM CHOSAINT SHIBHIALTA, 2012

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN mBORD
COSANTA SIBHIALTA A DHÍSCAOILEADH;
D'AISTRIÚ FEIDHMEANNA ÁIRITHE DE CHUID AN
BHOIRD COSANTA SIBHIALTA CHUIG AN AIRE
COSANTA; D'AISGHAIRM AN ACHTA UM CHOSAINT
SHIBHIALTA, 2002; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I
dTAOBH NITHE A BHAINNEANN LEIS AN MÉID SIN.
[26 Nollaig 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “Acht 2002” an tAcht um Chosaint Shibhialta, 2002;

tá le “cosaint shibhialta” an bhrí a thugtar dó leis an bPrótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún na Ginéive den 12 Lúnasa 1949, agus a bhaineann le hÍospartaigh Coinbhleachtaí Armtha Idirnáisiúnta a Choimirciú (Prótacal I), a bhfuil an téacs de leagtha amach sa Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Choinbhinsiún na Ginéive, 1962 (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht um Choinbhinsiún na Ginéive (Leasú), 1998);

ciallaíonn “Bord Cosanta Sibhialta” an Bord Cosanta Sibhialta a bunaíodh le halt 7 d’Acht 2002;

ciallaíonn “comhalta cosanta sibhialta” duine—

(a) atá arna cheapadh nó arna ceapadh de réir *alt 15*, nó

(b) a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, cláraithe i gclár arna bhunú faoi alt 35 d’Acht 2002;

tá le “plean cosanta sibhialta” an bhrí a shanntar dó le *halt 12*;

ciallaíonn “ardstiúrthóir an chomhlachta dhíscaoilte” an duine a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 14 d’Acht 2002 mar ardstiúrthóir an chomhlachta dhíscaoilte;

déanfar “lá díscaoilte” a fhorléiriú de réir *alt 2*;

tá le “comhlacht díscaoilte” an bhrí a shanntar dó le *halt 3*;

A.1	[<i>Uimh. 51.</i>] <i>An tAcht um Chosaint Shibhialta</i>, 2012. [2012.] tá le “achtachán” an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005; ciallaíonn “údarás áitiúil”— (a) comhairle contae de réir bhrí Acht 2001, nó (b) comhairle cathrach de réir bhrí an Achta sin, a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, ag comhlíonadh feidhmeanna a bhain le cosaint shibhialta; ciallaíonn “Aire” an tAire Cosanta; tá le “clár” an bhrí a shanntar dó le <i>halt 16</i>.
An lá díscaoilte.	2.—Féadfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá díscaoilte chun críocha an Achta seo.
An Bord Cosanta Sibhialta a dhíscaoileadh.	3.—An lá díscaoilte, beidh an Bord Cosanta Sibhialta (dá ngairtear an “chomhlacht díscaoilte” san Acht seo) arna dhíscaoileadh.
Feidhmeanna a aistriú chuig an Aire.	4.—(1) Déantar na feidhmeanna uile de chuid an Aire a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, dílsithe sa chomhlacht díscaoilte de bhua alt 9 d’Acht 2002 a aistriú chuig an Aire. (2) Déanfar tagairtí in aon achtachán don Bhord Cosanta Sibhialta a fhorléiriú mar thagairtí don Aire.
Talamh agus maoin eile a aistriú.	5.—(1) Na tailte go léir a bhí dílsithe don chomhlacht díscaoilte díreach roimh an lá díscaoilte, agus gach ceart, gach cumhacht agus gach pribhléid a bhaineann nó a ghabhann leis na tailte sin, beidh siad, an lá díscaoilte, arna ndílsiú don Aire gan aon tíolacas ná sannadh i leith an eastáit nó an leasa uile sa chéanna a bhí dílsithe don chomhlacht díscaoilte díreach roimh an lá díscaoilte ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear do na tailte atá fós ar marthain agus atá inchomhlíonta. (2) An lá díscaoilte, beidh gach maoin (seachas talamh) lena n-áirítear ábhair i gcaingean, a bhí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don chomhlacht díscaoilte, arna dílsiú don Aire gan aon sannadh. (3) Maidir le gach ábhar i gcaingean a dhílsítear don Aire de bhua <i>fho-alt (2)</i>, féadfaidh an tAire, amhail ar an agus ón lá díscaoilte, agra a dhéanamh ina leith nó é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú ina ainm féin nó ina hainm féin, agus ní gá don Aire, ná don chomhlacht díscaoilte, fógra faoin dílsiú a dhéantar leis an bhfo-alt sin a thabhairt d’aon duine atá faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean.
Cearta agus dliteanas a aistriú agus léasanna, ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag an gcomhlacht díscaoilte a bhuanú.	6.—(1) Beidh gach ceart agus dliteanas de chuid an chomhlachta dhíscaoilte, a thig de bhua aon chonartha nó gealltanais (sainráite nó intuigthe) arna dhéanamh aige roimh an lá díscaoilte, arna aistriú chuig an Aire an lá sin. (2) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an Aire le <i>fo-alt (1)</i>, féadfaidh an tAire, an lá díscaoilte agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith nó é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú, nó féadfar an céanna a dhéanamh ina choinne nó ina coinne ina ainm féin nó ina hainm féin, agus ní gá don Aire, ná don chomhlacht díscaoilte, fógra i dtaobh an

aistrithe sin a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a dhliteanas, nó a ceart nó a dliteanas, leis an bhfo-alt sin.

(3) Gach léas, ceadúnas, cead slí nó cead arna dheonú ag an gcomhlacht díscaoilte i ndáil le talamh nó maoin eile a dhílsítear don Aire leis an Acht seo nó faoi, agus atá i bhfeidhm díreach roimh an lá díscaoilte, leanfaidh sé i bhfeidhm amhail is dá mba rud é gurb é nó gurb í an tAire a dheonaigh é.

7.—(1) Déanfar éileamh i leith aon chaillteanais nó díobhála a líomhnófar a bheith fulaingthe ag aon duine de dheasca na bhfeidhmeanna a shanntar don Aire leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh roimh an lá díscaoilte a thabhairt i gcoinne an Aire an lá sin agus dá éis agus ní i gcoinne an chomhlachta dhíscaoilte.

Dliteanas i leith caillteanais a tharlóidh roimh an lá díscaoilte.

(2) Aon imeachtaí dlí atá ar feitheamh díreach roimh an lá díscaoilte ar páirtí iontu an comhlacht díscaoilte agus ar imeachtaí iad a bhaineann le feidhm de chuid an Aire, leanfar díobh ach an tAire a chur in ionad an chomhlachta dhíscaoilte sna himeachtaí, a mhéid a bhaineann siad leis nó léi.

(3) Más rud é, roimh an lá díscaoilte, go ndéantar comhaontú idir na páirtithe lena mbaineann mar shocrú ar éileamh lena mbaineann *fo-alt (1)* agus nach mbeidh a chuid téarmaí curtha i ngníomh, nó go bhfuil breithiúnas in éileamh den sórt sin tugtha i bhfabhar duine ach nach bhfuil sé curtha i bhfeidhm, beidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, a mhéid a bheidh siad infhorfheidhmithe i gcoinne an chomhlachta dhíscaoilte, infhorfheidhmithe i gcoinne an Aire agus ní i gcoinne an chomhlachta dhíscaoilte.

(4) Aon éileamh a bheidh déanta, nó is cuí a bheith déanta, ag an gcomhlacht díscaoilte i leith aon chaillteanais nó díobhála a d'eascair as gníomh nó as mainneachtain aon duine roimh an lá díscaoilte, measfar, i gcás go mbaineann an t-éileamh le feidhmeanna a shanntar don Aire leis an Acht seo nó faoi, gur éileamh é a rinne an tAire nó ba chuí don Aire a dhéanamh agus féadfaidh an tAire é a shaothrú agus agra a dhéanamh ina leith amhail is dá mba rud é gurb é nó gurb í an tAire a d'fhulaing an caillteanas nó an díobháil.

8.—(1) Maidir le haon ní a tosaíodh agus nach mbeidh críochnaithe roimh an lá díscaoilte le húdarás nó faoi údarás an chomhlachta dhíscaoilte, féadfaidh an tAire, a mhéid a bhaineann sé le feidhm a aistrítear chuig an Aire faoi *alt 4*, leanúint ar aghaidh leis nó é a chríochnú an lá díscaoilte nó dá éis.

Forálacha de dhroim feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig an Aire.

(2) Maidir le gach ionstraim arna déanamh faoi achtachán, agus gach doiciméad (lena n-áirítear aon deimhniú) arna dheonú nó arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhme a aistrítear le *halt 4*, beidh éifeacht léi nó leis, más rud é go raibh an ionstraim nó an doiciméad sin i bhfeidhm agus a mhéid a bhí an ionstraim nó an doiciméad sin i bhfeidhm díreach roimh an lá díscaoilte, amhail is dá mba rud é gurb é nó gurb í an tAire a dheonaigh í nó é.

(3) Déanfar tagairtí don Bhord Cosanta Sibhialta i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais aon chuideachta, ar tagairtí iad a bhaineann le feidhm a aistrítear le *halt 4*, a fhorléiriú, an lá díscaoilte agus dá éis, mar thagairtí don Aire.

(4) Aon airgead, stoic, scaireanna nó urrúis a aistrítear le *halt 5* agus a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, in ainm an chomhlachta

dhíscaoilte, déanfar, ar iarratas ón Aire, iad a aistriú isteach ina ainm nó ina hainm.

(5) Beidh deimhniú arna shíniú ag an Taoiseach á rá, maidir le haon mhaoín, ceart nó dliteanas, gur dílsíodh nó, de réir mar a bheidh, nár dílsíodh í nó é don Aire faoi *alt* 5 nó 6, ina fhianaise leormhaith, mura suítear a mhalairt, ar an bhfóras arna dheimhniú amhlaidh chun gach críche.

Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach an chomhlachta dhíscaoilte.

9.—(1) Déanfaidh ardstiúrthóir an chomhlachta dhíscaoilte, i leith na tréimhse a shonrófar faoi *fho-alt* (3), cuntais chríochnaitheacha an chomhlachta dhíscaoilte a ullmhú.

(2) Déanfaidh ardstiúrthóir an chomhlachta dhíscaoilte, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an lae dhíscaoilte, cuntais chríochnaitheacha an chomhlachta dhíscaoilte a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

(3) Chun críocha *fho-alt* (1), féadfaidh an tAire tréimhse is faide nó is giorra ná bliain airgeadais de chuid an chomhlachta dhíscaoilte a shonrú.

(4) Déanfaidh ardstiúrthóir an chomhlachta dhíscaoilte, tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis an lae dhíscaoilte, tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach an chomhlachta dhíscaoilte a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta dá éis sin, cóip den tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Comhaltaí d'fhoireann an chomhlachta dhíscaoilte a aistriú.

10.—(1) (a) Gach duine a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, ina chomhalta nó ina chomhalta d'fhoireann an chomhlachta dhíscaoilte, tiocfaidh sé nó sí, an lá sin, chun bheith, agus beidh sé nó sí, ina oifigeach nó ina hoifigeach don Aire.

(b) Tiocfaidh ardstiúrthóir an chomhlachta dhíscaoilte, an lá díscaoilte, chun bheith, agus beidh sé nó sí, ina oifigeach nó ina hoifigeach don Aire.

(2) Ní oibreoidh *fo-alt* (1) chun cosc a chur ar dhuine, is oifigeach don Aire de bhua an *fho-ailt* sin, a cheapadh chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach d'Aire eile den Rialtas.

(3) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), ní lú tairbhe dó nó di, le linn dó nó di a bheith i seirbhís an Aire, na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó an luach saothair a mbeidh sé nó sí faoina réir ná na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó an luach saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá díscaoilte.

(4) I ndáil le daoine a tháinig chun bheith, agus atá, ina n-oifigigh don Aire de bhua *fho-alt* (1), beidh seirbhís roimhe sin leis an gcomhlacht díscaoilte ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh iontu:

(a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2011;

- (b) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;
- (c) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007;
- (d) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004;
- (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2012;
- (f) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;
- (g) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;
- (h) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006;
- (i) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001;
- (j) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;
- (k) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003.

11.—Gach Conradh, comhaontú nó socrú a rinneadh idir an comhlacht díscailte agus aon duine eile, agus atá i bhfeidhm díreach roimh an lá díscailte, leanfaidh sé i bhfeidhm tar éis an lae sin agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm an Aire sa chéanna in ionad ainm an chomhlachta dhíscailte agus beidh sé infhorfheidhmithe ag an Aire nó i gcoinne an Aire.

Conarthaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht díscailte a bhuanú.

12.—(1) Déanfaidh gach údarás áitiúil, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an lae dhíscailte, plan (dá ngairtear “plan cosanta sibhialta” san alt seo) a chur faoi bhráid an Aire de réir an ailt seo.

Pleananna cosanta sibhialta.

(2) Le linn dó plan cosanta sibhialta a ullmhú, beidh aird ag údarás áitiúil ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní le linn dó na cuspóirí fíorthábhachtacha agus na straitéisí a bheidh sonraithe sa phlean a chur i ngníomh.

(3) Maidir le plan cosanta sibhialta—

- (a) sonrófar ann cuspóirí fíorthábhachtacha údaráis áitiúil agus a straitéisí gaolmhara (lena n-áirítear straitéisí a bhaineann le húsáid acmhainní)—
 - (i) maidir leis na feidhmeanna sin aige a bhaineann le cosaint shibhialta,
 - (ii) maidir le daoine a earcú chun tascanna cosanta sibhialta a chomhlíonadh, agus
 - (iii) maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar chomhaltaí cosanta sibhialta,
- (b) ullmhófar é i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh an tAire, agus

(c) déanfar foráil ann i ndáil le haon nithe eile a shonróidh an tAire ó am go ham.

(4) Déanfaidh gach údarás áitiúil a phlean cosanta sibhialta a athbhreithniú agus, i gcás gur cuí leis é, a athleasú—

(a) tráth nach déanaí ná 3 bliana, nó cibé tréimhse eile a chinnfidh an tAire, tar éis an plean sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, agus

(b) tráth nach déanaí ná 3 bliana, nó cibé tréimhse eile a chinnfidh an tAire, tar éis an t-athbhreithniú is déanaí a bheidh déanta aige ar an bplean sin a bheith curtha i gcrích faoin bhfo-alt seo.

(5) I gcás go n-athleasóidh údarás áitiúil a phlean cosanta sibhialta, déanfaidh sé, a luaithe is féidir tar éis an plean a athleasú, cóip den phlean arna athleasú amhlaidh a chur faoi bhráid an Aire.

Tuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil.

13.—Leasaítear alt 221 d’Acht 2001 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (2):

“(dd) (i) sonraí an chaiteachais a thabhaigh an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach le linn di a feidhmeanna maidir le cosaint shibhialta a chomhlíonadh, agus

(ii) sonraí bronnantas a fuair an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach le linn na bliana lena mbaineann an tuarascáil i dtaca leis na feidhmeanna sin a chomhlíonadh;”.

Deontais a íocfaidh an tAire le húdaráis áitiúla chun críocha cosanta sibhialta.

14.—(1) (a) Gach bliain, féadfaidh an tAire, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, deontas, de cibé méid a chinnfidh an tAire chun go nglanfar caiteachas ag an údarás áitiúil i gcomhlíonadh a fheidhmeanna maidir le cosaint shibhialta, a íoc le gach údarás áitiúil.

(b) Is fo-alt i dteannta alt 35 den Acht um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 an fo-alt seo agus ní fo-alt in ionad an ailt sin é.

(2) Ní úsáidfídh údarás áitiúil deontas a íocfar le húdarás áitiúil faoin alt seo chun aon chríche seachas an chríoch a shonraítear i *bhfo-alt (1)*.

Comhaltaí cosanta sibhialta a earcú.

15.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, de réir cibé ordacháin a thabharfaidh an tAire don údarás áitiúil, cibé daoine, agus cibé líon daoine, is cuí leis a cheapadh chun cibé feidhmeanna is cuí leis, a bheidh sonraithe sna hordacháin sin laistigh de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil sin, a chomhlíonadh i ndáil le cosaint shibhialta.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire ordacháin a thabhairt faoin alt seo d’údaráis áitiúla—

(a) i ndáil leis na haicmí daoine atá cáilithe lena gcheapadh chun bheith ina gcomhaltaí cosanta sibhialta, agus

- (b) i ndáil leis an bhfoirm ina ndéanfar, agus an modh ar a ndéanfar, iarratas ar chlárú mar chomhalta cosanta sibhialta.

(3) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo más rud é—

- (a) go gcúlghairfidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann an ceapachán, nó

- (b) i gcás ceapacháin is ceapachán go ceann tréimhse socraithe, ar an tréimhse sin a bheith caite.

(4) San alt seo, tá le “limistéar riaracháin” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2001.

16.—(1) Maidir le gach clár (dá ngairtear an “clár” san alt seo) arna bhunú faoi alt 35 d’Acht 2002—

Clár cosanta sibhialta.

- (a) leanfaidh sé ar marthain,

- (b) leanfar de Chlár na gComhaltaí Cosanta Sibhialta a ghairm de, i dtaca leis an údarás áitiúil a bhunaigh é, agus

- (c) leanfaidh sé de bheith á chothabháil ag an údarás áitiúil sin.

(2) Coimeádfar an clár i cibé foirm, agus beidh ann cibé faisnéis, a chinnfidh an tAire.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (2), beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chlár:

- (a) ainm gach duine a bheidh ceaptha ag an údarás áitiúil lena mbaineann chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta cosanta sibhialta;

- (b) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine;

- (c) uimhir ghutháin an duine;

- (d) dáta breithe an duine;

- (e) cáilíochtaí agus taithí an duine maidir le cosaint shibhialta;

- (f) an dáta a cheap an t-údarás áitiúil an duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta cosanta sibhialta;

- (g) uimhir trína bhféadfar an duine a aithint.

(4) Faoi réir *fho-alt* (5), coimeádfar an clár ag oifigí an údaráis áitiúil a bhunaigh é agus ní chuirfear ar fáil é lena iniúchadh ach ag na daoine seo a leanas amháin:

- (a) bainisteoir contae nó bainisteoir cathrach an údaráis áitiúil lena mbaineann;

- (b) aon chomhalta d’fhoireann an údaráis áitiúil sin a bheidh ainmnithe i scríbhinn chun críocha an fho-ailt seo ag an mbainisteoir contae nó bainisteoir cathrach sin, de réir mar a bheidh;

A.16

[*Uimh. 51.*] *An tAcht um Chosaint Shibhialta*, 2012. [2012.]

(c) an tAire nó cibé oifigigh don Aire a ainmneoidh an tAire i scríbhinn.

(5) Beidh comhalta cosanta sibhialta i dteideal aon iontráil sa chlár a bhaineann leis nó léi a iniúchadh.

(6) I gcás go dtiocfaidh sé faoi iúl údaráis áitiúil go bhfuil faisnéis a taifeadadh sa chlár atá á chothabháil aige mícheart, déanfaidh an t-údarás áitiúil sin cibé athruithe is cuí leis sa chlár chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a taifeadadh sa chlár ceart.

(7) Mura bhfuil sonra a taifeadadh sa chlár maidir le comhalta cosanta sibhialta ceart nó má scoireann sé de bheith ceart, cuirfidh an comhalta cosanta sibhialta lena mbaineann an méid sin in iúl, a luaithe is féidir, don údarás áitiúil a chothabhálann an clár.

Aisghairm.

17.—Aisghairtear Acht 2002.

Gearrtheideal,
comhlua agus
tosach feidhme.

18.—(1) Féadfar an tAcht um Chosaint Shibhialta, 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Cosanta Sibhialta, 1939 go 2012 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 agus 1946.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *alt 2* agus an t-alt seo) i ngníomh an lá díscaoilte.